C/2026/1981

7.4.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/1981)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Coteaux d’Ancenis’

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0928-AM02 — 8.1.2026

1. **Ainm an táirge**

‘Coteaux d’Ancenis’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge seo mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar ATFC ‘Coteaux d’Ancenis’ le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Lipéadú

Tuairisc

Chinn an grúpa táirgeoirí le haghaidh an ATFC aonad geografach níos mó a úsáid chun na fíonta a ainmniú, agus chinn sé an téarma 'Vin de Loire' a úsáid ionad 'Val de Loire'.

Tá an fhorbairt sin ag teacht leis na treoirlínte cumarsáide a ghlac táirgeoirí fhíonta Loire.

Is é an aidhm atá ann an fhéiniúlacht a dhéanamh níos soiléire agus í a ailíniú níos dlúithe le réaltacht na bhfíonta a dhéanann táirgeoirí in abhantrach an Loire.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Forálacha agra-chomhshaoil a chur isteach

Tuairisc

Cuireadh dhá fhoráil agra-chomhshaoil sa tsonraíocht táirge, is iad sin foráil maidir le fásra a rialú idir sraitheanna agus foráil maidir le moirfeolaíocht na fo-ithreach a athrú. Is é is aidhm dóibh feabhas a chur ar inbhuanaitheacht an ainmniúcháin i bhfianaise an athraithe aeráide agus ionchais arda na sochaí.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tús na buainte

Tuairisc

Is mian leis an ngrúpa táirgeoirí le haghaidh an ATFC deireadh a chur leis an bhforógra buainte chun bainistíocht riaracháin a shimpliú agus seiceáil á coinneáil ar bun an tráth céanna ar aibíocht na bhfíonchaor.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

An Cód Geografach a Thabhairt Cothrom le Dáta

Tuairisc

Tugadh na bardais sa limistéar geografach cothrom le dáta i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2025. Ní athraíonn an leasú sin limistéar geografach an ainmniúcháin.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tagairtí

Tuairisc

Tugadh sonraí teagmhála na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO) cothrom le dáta.

Leasaíodh na socruithe maidir le comhlíonadh na sonraíochta táirge a sheiceáil.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Nasc

Tuairisc

Leasaíodh an roinn maidir leis an nasc chun sonraí a bhí as dáta (an líon táirgeoirí, limistéir tháirgeachta, méideanna) sa tuairisc ar na tosca daonna a thabhairt cothrom le dáta.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Beart idirthréimhseach

Tuairisc

Chuaigh an beart idirthréimhseach maidir leis an limistéar dáileachta talún críochaithe in éag in 2021. Dá bhrí sin, scriosadh ón tsonraíocht táirge é.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíonta

‘Coteaux d’Ancenis’

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0928-AM02 — 8.1.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Coteaux d’Ancenis’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Fíonta dearga

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Bíonn dath geal ar na fíonta dearga, le himireacha idir caordhearg agus dearg an ghairnéid.

Dea-bholadh

Is minic a bhíonn dea-bholaithe de thorthaí dearga le brath leis an mboladh, uaireanta in éineacht le ruainníní spíosra.

Blas

De ghnáth bíonn tainniní galánta acu a thugann cáilíocht mhín bhog dóibh mar aon le húire áirithe.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Ionad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Is fíonta socra dearga iad na fíonta.

Is iad seo a leanas saintréithe anailíseacha na bhfíonta:

— Neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte: 10,5 % i gcás fíonta dearga

— Neart alcóil iomlán uasta de réir toirte tar éis saibhrithe: 12,5 % i gcás fíonta dearga

— Aigéadacht iomlán: idir 57,1 agus 102,1 milleachoibhéis in aghaidh an lítir i gcás fíonta dearga

— Aigéadacht luaineach uasta: 13,3 milleachoibhéis in aghaidh an lítir i gcás fíonta dearga

— Méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós): nach mó ná 3 g in aghaidh an lítir i gcás fíonta dearga

— Uasmhéid aigéid mhalaigh: nach mó ná 0,3 g in aghaidh an lítir i gcás fíonta dearga. Cuirtear coipeadh malalachtach i gcrích le haghaidh na bhfíonta dearga.

Leanann an cion iomlán dé-ocsaíde sulfair agus neart alcóil iarbhír iomlán na bhfíonta dearga na rialacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo, tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta geala

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Músclaíonn dath buí na bhfíonta geala galántacht.

Dea-bholadh

Forbraíonn na fíonta geala blasanna aramatacha diana de ghnáth a chuireann torthaí aibí nó coimhthíocha i gcuimhne.

Blas

Is iad na rialacha lena rialaítear a saintréithe anailíseacha a áirithíonn go ginearálta an chothromaíocht bhreá a bhíonn ag na fíonta sin sa bhéal: leis an tathag a thugann na siúcraí coiptheacha, déantar an ghnáth-úire atá i bhfíonta Loire a fhrithchothromú.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	10
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Ionad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	13,3
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Is fíonta socra geala iad na fíonta.

Is iad seo a leanas saintréithe anailíseacha na bhfíonta:

— Neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte: 11,5 % i gcás fíonta geala

— Neart alcóil iomlán uasta de réir toirte tar éis saibhrithe: 13,5 % i gcás fíonta geala

— Aigéadacht iomlán: idir 57,1 agus 112,3 milleachoibhéis in aghaidh an lítir i gcás fíonta geala

— Méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós): idir 20 g agus 40 g in aghaidh an lítir i gcás fíonta geala

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo, tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta *rosé*

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Bíonn dath éadrom ar na fíonta *rosé*, idir bándearg éadrom agus dath an bhradáin.

Dea-bholadh

Bíonn úire áirithe ag a ndea-bholaithe míne fíneálta agus tagann siad chun cinn go ginearálta i bhfoirm blasanna torthaíocha.

Blas

Bíonn na fíonta sin éadrom agus úr sa bhéal de ghnáth, le beagán beogachta.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Ionad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Is fíonta socra *rosé* iad na fíonta.

Is iad seo a leanas saintréithe anailíseacha na bhfíonta:

— Neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte: 10 % i gcás fíonta *rosé*

— Neart alcóil iomlán uasta de réir toirte tar éis saibhrithe: 12 % i gcás fíonta *rosé*

— Aigéadacht iomlán: idir 57,1 agus 102,1 milleachoibhéis in aghaidh an lítir i gcás fíonta *rosé*

— Aigéadacht luaineach uasta: 10,2 milleachoibhéis in aghaidh an lítir i gcás fíonta *rosé*

— Méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós): nach mó ná 4 g in aghaidh an lítir i gcás fíonta *rosé*

Leanann an cion iomlán dé-ocsaíde sulfair agus neart alcóil iarbhír iomlán na bhfíonta *rosé* na rialacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo, tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Modh saothraithe

Tuairisc

Is é 6 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha. Ní bhíonn an t-achar idir sraitheanna níos mó ná 1,60 m agus bíonn an t-achar idir plandaí sa tsraith chéanna idir 0,90 m agus 1,10 m. Déantar na fíniúnacha a phrúnáil agus 12 bhachlóg ar a mhéad i gceist in aghaidh an phlanda: trí ghearrphrúnáil (prúnáil Royat, cuachphrúnáil, prúnáil fean) nó trí phrúnáil aonair Guyot. Déantar an phrúnáil roimh an 31 Bealtaine sa bhliain bhuainte. Ag céim théachta na dtorthaí, ní mó ná 10 an líon craobh ar a bhfuil torthaí don bhliain in aghaidh an phlanda.

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Toirmisctear gualach fíonóireachta a úsáid agus na fíonta *rosé* á ndéanamh, bíodh sé leis féin nó measctha in ullmhúcháin. Ceadaítear teicnící laghdúcháin chun fíonta dearga a shaibhriú, agus tá an ráta uasta maidir le tiúchan pháirteach socraithe ag 10 % i ndáil leis na toirteanna a úsáidtear. Tar éis an tsaibhrithe, níor cheart neart alcóil iomlán na bhfíonta de réir toirte a bheith níos mó ná: 13,5 % i gcás fíonta geala, 12 % i gcás fíonta *rosé* agus 12,5 % i gcás fíonta dearga. De bhreis ar na forálacha thuas, ní mór go gcomhlíonann na cleachtais fhíoneolaíocha a bhaineann leis na fíonta seo na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Phobail agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíonta geala

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	55
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíonta dearga agus fíonta *rosé*

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	66
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó ar na cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Cabernet Franc N

— Gamay N

— Pinot Gris G

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

1. *Limistéar geografach*

Ní mór gach céim den táirgeadh a dhéanamh sa limistéar geografach a d'fhormheas an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag cruinniú an choiste náisiúnta inniúil an 28 Meán Fómhair 2011. Ar dháta formheasta na sonraíochta seo ag an gcoiste náisiúnta inniúil, cuimsítear sa limistéar sin críoch na mbardas seo a leanas, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2025:

— Roinn Loire-Atlantique: Ancenis-Saint-Géréon, Carquefou, Le Cellier, Couffé, Divatte-sur-Loire (críoch bhardas tarmligthe Barbechat amháin), Ligné, Loireauxence (críoch bhardas tarmligthe Varades amháin), Mauves-sur-Loire, Mésanger, Montrelais, Oudon, Thouaré-sur-Loire, Vair-sur-Loire.

— Roinn Maine-et-Loire: Mauges-sur-Loire (críoch bhardas tarmligthe La Chapelle-Saint-Florent amháin), Orée d'Anjou (críoch bhardais tharmligthe Bouzillé, Champtoceaux, Drain, Landemont, Liré agus La Varenne amháin).

Is féidir teacht ar léarscáileanna den limistéar geografach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta.

2. *Limistéar dáileachta talún críochaithe*

Déantar na fíonta go heisiach as fíniúnacha atá suite sa limistéar dáileachta talún atá críochaithe lena tháirgeadh, arna bhformheas ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag cruinniú an choiste náisiúnta inniúil an 28 Meán Fómhair 2011.

Cuireann an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta na léarscáileanna lena mbunaítear teorainneacha dháileachtaí talún an limistéir táirgeachta a formheasadh ar an gcaoi sin faoi bhráid hallaí baile na mbardas a liostaítear i mír 1.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Tá an limistéar geografach suite ar theorainn fhíonghoirt Nantes agus Anjou, taobh leis an uiscebhealach mór arb é Abhainn an Loire é, agus bhí déantóirí 'Coteaux d'Ancenis' in ann leas a bhaint as an tionchar dúbailte sin chun sraith teicnící táirgthe a bhunú a bhí oiriúnaithe dá gcomhshaol nádúrtha.

Is iondúil go mbíonn ithreacha ar thaobhanna na gcnoc sa limistéar geografach, arna múnlú ag an Loire agus í ag sreabhadh trí fhoirmíochtaí meiteamorfacha na Masaífe Armarcaí, ithreacha a bhfuil a gcumais arda ionsúcháin teasa, draenáil nádúrtha thapa agus cúltaiscí teoranta uisce go maith chun fíonchaora a aibiú; dá bhrí sin, tháinig tionscal fíonóireachta tráchtála rathúil chun cinn, tionscal ar cuireadh tús leis sna Meánaoiseanna, timpeall chalafort Ancenis. Ina theannta sin, tá an aeráid áitiúil sainiúil, d'ainneoin go bhfuil sí faoi thionchar aigéanach, sa mhéid is gur minic a bhíonn tréimhse thirim ghaofar ann thart ar dheireadh an tsamhraidh agus ar thús an fhómhair. In éineacht leis na tírdhreacha oscailte feadh bhruacha an Loire, tá na dálaí comhshaoil sin ina gcúis mhór le tionscal fíona dheirg agus *rosé* a fhorbairt sa réigiún. Tá droch-ithir aigéadach na ndáileachtaí talún a leithdháiltear ar fhás fíniúnacha oiriúnach go háirithe don chineál fíniúna Gamay N, ag gníomhú mar shrian ar a bheocht a dtugtar faoi deara go minic agus ag míniú conas a tháinig sí in ionad na gcineálacha fíniúna deirge atá ann cheana d'ainneoin gur tugadh isteach í sách déanach. Le bainistiú fíonghort trí bhíthin teicnící feirmeoireachta dea-oiriúnaithe agus srian ar tháirgeacht, tugtar amach an raon iomlán dea-bholaithe san fhíon dearg agus ligtear do na fíonta *rosé* blasanna torthaíocha fíneálta a léiriú.

Fágann an aeráid freisin gur féidir fíonta geala milse a tháirgeadh trí fhíonchaora aibí sláintiúla a bhuain. Ina theannta sin, bhíothas in ann dul i dtaithí ar an gcineál leochaileach Pinot Gris G go tapa. Is buntáiste tábhachtach iad samhraí séimhe an limistéir gheografaigh, rud a chuidíonn le fíneáltacht dhea-bholaithe na bhfíonchaor a chaomhnú chomh maith le húire shainiúil na bhfíonta a áirithiú trí shrian a chur le meathlú na n-aigéad orgánach atá sna fíonchaora. Tugtar 'Malvoisie' ar na fíonta fíorbhunúsacha sin go háitiúil, agus is siombail iad d'oidhreacht fíonóireachta an réigiúin.

Agus iad aontaithe ó bhí tús an 20ú haois ann, d'oibrigh na saothróirí go comhsheasmhach chun feabhas a chur ar cháilíocht a dtáirgí. Maidir le haitheantas 'Coteaux d'Ancenis' mar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, comhdhlúthú na ndáileachtaí talún a leithdháiltear ar fhíonsaothrú chun díriú ar na leicne cnoic is fearr, an t-aistriú i dtreo Gamay N agus Pinot Gris N amháin a úsáid mar na príomhchineálacha fíniúna, agus rialacha táirgthe níos déine, is comharthaí láidre iad sin go n-áirithítear saintréith uathúil na bhfíonta sin amach anseo.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Maolú maidir leis an limistéar geografach

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/mhaolaithe breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Is é atá sa limistéar atá díreach in aice leis, a shainítear le maolú chun na fíonta a dhéanamh agus a fhorbairt, críoch na mbardas seo a leanas, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2025:

— Roinn Loire-Atlantique: La Boissière-du-Doré, La Chapelle-Heulin, Divatte-sur-Loire (críoch bhardas tarmligthe La Chapelle-Basse-Mer amháin), Gorges, Haute-Goulaine, Le Landreau, Le Loroux-Bottereau, Maisdon-sur-Sèvre, Mouzillon, La Remaudière, Saint-Julien-de-Concelles, Vallet.

— Roinn Maine-et-Loire: Montrevault-sur-Èvre (críoch bhardais tharmligthe Puiset-Doré agus Saint-Rémy-en-Mauges amháin), Orée d'Anjou (críoch bhardais tharmligthe Saint-Laurent-des-Autels agus Saint-Sauveur-de-Landemont amháin), Sèvremoine (críoch bhardas tarmligthe Tillières amháin).

I gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún, comhfhreagraíonn an limistéar díreach in aice láimhe do limistéar atá díreach in aice leis an limistéar críochaithe atá i gceist.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Féadfar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint a fhorlíonadh leis an ainm geografach 'Vin de Loire' i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa tsonraíocht táirge maidir le húsáid an ainm sin. Féadfar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint a fhorlíonadh leis an ainm atá in úsáid faoi láthair 'Malvoisie' i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa tsonraíocht táirge maidir le húsáid an ainm sin. Ní fhéadfar an t-ainm a úsáid ach amháin i gcás fíonta geala socra. Na téarmaí roghnacha uile, a bhféadfadh a n-úsáid a bheith rialaithe ag na Ballstáit faoi fhorálacha an Chomhphobail, déantar iad a phriontáil ar na lipéid i litreacha nach bhféadfar a bheith níos mó, ar airde, ar leithead ná ar tiús, ná dhá oiread mhéid na litreacha lena litrítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint. Méid na litreacha lena litrítear an t-ainm geografach 'Vin de Loire' agus an t-ainm atá in úsáid faoi láthair 'Malvoisie', ní fhéadfaidh siad a bheith níos mó, ar airde, ar leithead ná ar thiús, ná dhá thrian de mhéid na litreacha lena litrítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint. Féadfaidh ainm aonaid gheografaigh níos lú a bheith le feiceáil ar lipéid fíonta a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, ar choinníoll: is suíomh cláraithe é agus bíonn sé le feiceáil ar an dearbhú buainte. Ní mór ainm an tsuímh chláraithe a phriontáil i litreacha nach bhfuil níos mó, ar airde, ar leithead ná ar thiús ná leath mhéid na litreacha lena litrítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint. Ní mór dó a bheith sa réimse amhairc céanna leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-b6915da9-2112-4d12-95d7-ab037dafcf01